Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2020
(OR. en)

14677/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0220 (NLE)**

| | |
|---|---|
| COASI 157 | ECOFIN 1089 |
| ASIE 49 | COMPET 781 |
| CFSP/PESC 916 | RECH 514 |
| COHOM 133 | ENER 530 |
| CONOP 106 | TRANS 563 |
| COTER 163 | TELECOM 376 |
| JAI 1272 | ENV 973 |
| WTO 328 | EDUC 471 |
| FISC 461 | EMPL 593 |

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste agus san Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht a bunaíodh leis an gCreat Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile, maidir le glacadh cinntí i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus rialacha nós imeachta an Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste agus san Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile, maidir le glacadh cinntí i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus rialacha nós imeachta an Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 207 agus 209, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile[1] (an "Comhaontú"), i bhfeidhm an 1 Samhain 2017.

(2) Bunaítear le hAirteagal 56(1) den Chomhaontú Comhchoiste chun feidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú (an "Comhchoiste").

(3) Foráiltear le hAirteagal 56(6) den Chomhaontú go bhfuil an Comhchoiste chun a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh agus foráiltear le hAirteagal 56(4) den Chomhaontú go bhféadfaidh sé meithleacha speisialaithe a chur ar bun chun cabhrú leis a chuid cúraimí a chomhlíonadh.

(4) Bunaítear le hAirteagal 28(1) den Chomhaontú Fochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht.

(5) Foráiltear le hAirteagal 28(3) den Chomhaontú go bhfuil an Fochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht chun a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

[1] IO L 326, 9.12.2017, lch. 7.

(6) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus an Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht a ghlacadh a luaithe is féidir.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste agus san Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht a bhunú.

(8) Ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste agus san Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht a bhunú, dá bhrí sin, ar na dréachtChinntí ón gComhchoiste agus ón bhFochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile (an "Comhaontú"), bunófar é ar an dréachtChinneadh ón gComhchoiste[1].

2. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht a bhunaítear leis an gComhaontú, bunófar é ar an dréachtChinneadh ón bhFochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 6856/20 ar http://register.consilium.europa.eu.